# Daonáireamh 2006 Acmhainní Bunscoile
# Achoimre ar Cheachtanna do Rang a 5 agus a 6

| Rang a 5 & a 6 | Téama agus Foclóir | Príomhtheachtaireachtaí | Teastaíonn |
|---|---|---|---|
| Ceacht a 1 | **Bailiú sonraí – sonraí a eagrú agus a úsáid**<br>*Bailigh, eolas, sonraí, fiafraigh, cuir ceist, liostaigh, foirm, taifead, torthaí, réiteach,cosc, fadhb, graf, blocghraf, barrachairt, graf barra líne, léirigh* | ▪ Is féidir go leor fadhbanna laethúla a réiteach nó cosc a chur orthu trí shonraí a bhailiú ó dhaoine eile agus tríd na sonraí seo a úsáid le hathruithe a dhéanamh a rachaidh chun tairbhe na tíre. | ▪ Bileoga A4 – céimeanna i bpróiséas bailiúcháin sonraí maidir le hathchúrsáil S 1.1<br>▪ Leagan de mhéid chártaí imeartha de na céimeanna thuasluaite S 1.2<br>▪ Cairt achoimre den phróiséas bailiúcháin sonraí S 1.3<br>▪ Bileoga scóir S 1.4<br>▪ Patrúin na ngraf S 1.5<br>a) bloc b) barra c) barralíne |
| Ceacht a 2 | **Céard é Daonáireamh?**<br>*Daonáireamh, bailigh, eolas, sonraí, staitisticí, rialtas, treocht, suirbhé, liosta, foirm, eolas, daonra, inscne, áitreabh, oideachas, teanga, eacnamaíocht, úsáideoir, tionscal, fostaíocht, seirbhís mhíleata, cathrú, áiritheoir, acmhainn, faoi rún…….* | ▪ Foinse an-tábhachtach eolais maidir lenár dtír é an daonáireamh.<br>▪ Tá na fíricí agus na figiúirí a sholáthraíonn an daonáireamh riachtanach le pleanáil don todhchaí | ▪ Cártaí A4 – céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh S 2.1<br>▪ Leagan cártaí imeartha den mhéid thuas S 2.2<br>▪ Cártaí príomhphointí S 2.3<br>▪ Focail Iontais , focal cuardaigh agus freagraí S 2.4<br>▪ Cipíní Cliste S 2.5<br>▪ Tomhas an Daonáirimh agus freagra S 2.6<br>▪ Bileog oibre an daonáirimh bunaithe ar an uimhir 23 S 2.7 |
| Ceacht a 3 | **Daonáireamh Ranga 2006**<br>*Daonáireamh, bailigh, eolas, sonraí, fiafraigh, cuir ceist, liostaigh, foirm, fiafraigh, Dé Domhnaigh, Aibreán, eolas, aois, seoladh, oideachas, cáin, comhairigh, tír, meas, rialtas, inscne, fostaíocht* | ▪ Foinse iontach eolais é daonáireamh ranga agus is féidir é a dhearadh le fíricí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.<br>▪ Tá gach céim sa phróiséas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go n-éireoidh leis an daonáireamh<br>▪ Is féidir sonraí a chur in iúl i bhfoirm ghraif, léaráidí nó phictiúirí chomh maith le bheith i bhfoirm thuairisce. | ▪ Céimeanna i gciorcal an daonáirimh S 3.1<br>▪ Cairt an chiorcail daonáirimh S 3.2<br>▪ Príomhcheisteanna ó fhoirm Dhaonáirimh 2006 S 3.3<br>▪ Foirmeacha samplacha daonáirimh<br>o Bán S 3.4 a<br>o Sampla S 3.4 b<br>▪ Bileog Scóir an daonáirimh S 3.5<br>▪ Ciúbanna an Daonáirimh S 3.6<br>▪ Codáin Bhriste & Freagra S 3.7 a b |
| Ceacht a 4 | **DAONÁIREAMH Maidir Linn**<br>Dul siar ar an bhfoclóir a d'fhoghlaim muid cheana agus Daonáireamh Ranga<br><br>*Dul siar ar an bhfoclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl. Staitisticí, sonraí, scór, graf, léaráid Venn, blocghraf, léaráid Chearúil* | ▪ Foinse iontach eolais é daonáireamh ranga agus is féidir é a dhearadh le fíricí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.<br>▪ Tá gach céim sa phróiséas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go n-éireoidh leis an daonáireamh<br>▪ Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla<br>▪ Tá sé tábhacht dul siar ar na módhanna a bhaineann le bheith cóir agus cruinn nuair atá sonraí á mbailiú agus á gcur le chéile | • Féilire Aibreáin 2006 S 4.1<br>• Ceistiúchán an Fhéilire S 4.2<br>• Bileog Scóir an Daonáirimh ó Cheacht a 3 S 3.5<br>• Patrúin do Ghraif Iompair S 4.3 a b c<br>• Anailís ar Shonraí – Modh Taistil S 4.4<br>• Patrúin do ghraif bhreithlae S 4.5 a b c<br>• Patrúin do Ghraif Lóistin S 4.6 a b c<br>• Anailís ar Shonraí – Lóistín S 4.7<br>• Úsáid TEC le scairbhileoga a chruthú S 4.8<br>• Cluichí cláir an daonáirimh – bunaithe ar an bhféilire S 4.9 a b<br>• Tomhais an Fhéilire S 4.10 a b c le freagra agus le patrún bán don mhúinteoir / páiste lena cheann féin a chruthú. |